An Roinn Cultúir,
Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

# Comórtas d'Intéirneacht in institiúidí na hEorpa maoinithe ag An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

## Painéal a Bhunú

Tá deiseanna ar fáil do chéimithe socrúcháin oibre a dhéanamh in institiúidí na hEorpa - an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, Comhairle na hEorpa, Coiste na Réigiún agus Oifig na bhFoilseachán. Ceapfar **suas le deichniúr** ina iomláine ar feadh tréimhse 10 mí ag tosú i mí Dheireadh Fómhair.

Beidh ochtar de na hintéirnithe ag cuidiú le haistriú an *acquis communautaire* go príomha le linn an tsocrucháin oibre. Beidh beirt ag obair mar phrofléitheoirí faoi mhaoirseacht in Oifig na bhFoilseachán nó i bParlaimint na hEorpa agus doiciméid i nGaeilge le profléamh acu.

Beidh liúntas de €2,000 in aghaidh na míosa ar fáil don intéirneacht seo.

Beidh na intéirnithe seo lonnaithe in oifigí na n-institiúidí éagsúla ar Mhór-Roinn na hEorpa.

## Critéir Cháilitheachta

Glacfar le hiarratais ar an bhfoirm iarratais ó chéimithe:

- a bhfuil cáilíocht ag leibhéal a 8 ar a laghad acu (Riachtanach)
- a bhfuil sár-chaighdeán Gaeilge acu (Riachtanach)
- a bhfuil taithí oibre iarcháilíochta shásúil mar aistritheoir nó mar phrofléitheoir acu (Inmhianaithe)
- a bhfuil eolas maith ar chóras ríomh-aistriúcháin acu (Inmhianaithe)
- a bhfuil cáilíocht iarchéime ollscoile i staidéar an aistriúcháin acu (Inmhianaithe)

## Spriocdháta le haghaidh Iarratas

Is é **Dé Céadaoin, 17 Meitheamh 2020** ag **12 meán lae** an spriocdháta le hiarratais a bheith faighte. Cloífear go beacht leis an spriocdháta sin.

Tá gach eolas, mar aon le foirm iarratais, le fáil ag: https://www.chg.gov.ie/ga/gaeltacht/recruitment/